# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1126 ÓN gCOMHAIRLE

**an 8 Meitheamh 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/1686 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) agus (4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/1686.

(2) An 26 Aibreán 2023, chuir Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1267(1999), Rún 1989(2011) agus Rún 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, beirt le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) An 3 Bealtaine 2023, cuireadh na daoine sin le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle ([2]).

(4) Ós rud é go raibh duine de na daoine sin ainmnithe cheana féin faoi Rialachán (AE) 2016/1686, ba cheart an duine sin a bhaint d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/1686 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá comhlachaithe leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida (IO L 139, 29.5.2002, lch. 9).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. MALMER STENERGARD

*IARSCRÍBHINN*

Scriostar an iontráil seo a leanas ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 faoin gceannteideal 'A. daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 3':

'9. Sultan Aziz AZAM (a.k.a Aziz Azam, Sultan Aziz, Sultan Azziz Azzam, Sultan Aziz Ezzam); dáta breithe: 1985; áit bhreithe: An Afganastáin; náisiúntacht: Afganastánach.'.